# Nuacht Feirste

Uimhir 40 | Deireadh Fomhair 31ú | Táille 10p

## OIREACHTAS 1986

OSCALÍOTAR Oireachtas 1986 go hoifigiul ar Aoine 31ú Deireadh Fomhair ag Failtiú Ostán Gresham ag 8.30pm. £15 an táille agus leanann na himeachtaí ar aghaidh ó Sathairn 1ú Samhain go dtí Sathairn 8ú. Tá an tOireachtas ar súil i mbliana i mBaile Átha Cliath i roinnt láthair éagsula sa chathair.

Seo a leanas rionnt dena príomh imeachtaí

**Sathairn 1ú**

10.00am Comórtais Ceoil Uirlíse; Amhránaíocht Aonair - Teach Ely.

2.00pm Cóir - Ceoláras Náisiúnta.

2.30pm Ceol Uirlise - Teach Ely.

3.00pm Seimineár Chonradh na Gaeilge – *Cén treo anois do Pholasaí an Stáit i dtaobh na Gaeilge* – Ostán Powers.

7.00pm Cóir – Ceoláras Náisiúnta.

**Domhnaigh 2ú**

2.00pm Cluiche Ceannais Iomána an Oireachtais.

8.00pm Seimineár *Timpistí ar an láthair oibre* – Bord na Gaeilge.

Comórtas Píobaireachta – Teach Ely

**Mairt 4ú**

10.30am Lá na nOg - Teach an Ard-Mhéara.

8.00pm Siompóisiam *"Comóradh 70 bliain an Eirí - Amach"* – Ostán Shelbourne.

8.00pm *"Blues na Filíochta"* - Ostán Powers.

**Déardaoin 6ú**

7.30pm Sean-Nós (Mná) – Teach an Ard-Mhéara.

**Aoine 7ú**

7.30pm Sean-Nós (Fir) – Teach an Ard-Mhéara.

**Sathairn 8ú**


11.00am Sean-Nós (daoine óga) Scéalaíocht, Agallamh Beirte - Teach Ely.

2.00pm Dreas Cainte, Agallamh Beirte, Lúibíní – Teach Ely

Rince agus Scoraíocht - Teach an Ard-Mhéara.

2.30pm Seimineár na Naíonraí Gaelacha – Ostán Powers.

7.30pm Corn Uí Riada – Ostán Gresham.




# Ard - Fheis stairiul

**TÁTHAR ag dúil le 700 teachta agus corradh le míle cuairteoir a bheith i láthair ag an Ard-Fheis is mó do chuid Sinn Fein i mBaile Átha Cliath ag deireadh na seachtaine seo.**

Beidh suim na hArd-Fheis dírithe ar an díospóireacht fan ghinmhilleadh agus fan staonadh parlaiminte ach san iomlán tá 191 rún roimh an tionól. Beidh clár dátheangach ag gach teachta agus De Sathairn pléifear polsaí nua cultúrtha. Faoin pholasaí nua beidh se de dhualgas ar Shinn Féin tacú leis an fheachtas ar son stáisiúin teilifíse lan-Ghaelach ó Dheas.

Bheirtear tacaíocht fosta do na cimí poblachtacha ina n-iarrachtaí leis an Ghaeilge a chur chun cinn. I dtaca le cursaí Gaeltachta de molfar don Ard-Fheis gur i nGaeilge amháin a bhéas gnó Shinn Féin sa Ghaeltacht. Tá rún faoin rannóg chultúrtha chomh maith a mholann go mbíonn ar gach ball nua de Shinn Féin freastal as ranganna Gaeilge.

Is é an rún is tabhachtaí fan staonadh parlaiminte ón Ard Chomhairle ná rún 162.

Is cinnte go mbeidh díospóireacht bhríomhor ar an run seo agus beidh aird na meán sáite inti.

Faoin chúrsaí ban tá an Ard Chomhairle ag moladh go mbaintear na focail *"aithnimid go bhfuil an ceart ag mná rogha a bheith acu"* as an cháipéis polasaí, *Mná in Éirinn*.

I dtaca leis an nuachtán seo is é an rún is tabhachtaí roimh an Ard-Fheis ná rún a mholann go n-íocfaidh gach cumann síntiús le *Nuacht Feirste*.

# I gcuimhne

*Deich bliana ó shin,*
*Deich bliana anuas,*
*Deich bliana inniu:*

*Gaoth aduaidh go minic ag séideadh*
*A bíonn óg is aosta préachta leis an bhfuacht.*
*An ghaoth aneas ag sileadh focail folamh,*
*Deora díonta ó lucht gaoithe móire.*
*An ghaoth aniar ag teacht thar sáile*
*Is gaoth Mhárta gach Lá Féile Phádraig.*
*Ach an ghaoth laidir go mbíonn ag teacht anoir*
*Le saighdiúirí, túir faire, is piléir plaisteacht:*
"All very proper", *ar ndóigh,*
*Ba cosúil é leis an buamáil sa Libia.*

*Ach lá éigin sa todhchaí,*
*In dhiaidh deoir deiridh go dtite*
*Agus a gcuid fola thirim scuabtha suas*
*Agus glan an talamh níte,*
*Carn cuimhneacháin geal go mbeidh ann fós*
*I gcuimhne Máire Drumm.*

## Dea-ghníomh Dhoire

**GHLAC fo-choiste cultúir de chuid Chomhairle Chathair Dhoire le pacáiste moltaí ó Shinn Féin an tseachtain seo i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge.**

Cé gur léir go bhfuil leisc ar an SDLP glacadh le moladh ó Shinn Féin go gceapfaí oifigeach cultúir mar fheidhmeannach de chuid na comhairle tá ionadaithe an pháirtí ag comhoibriú le baill Shinn Féin ar an fho-choiste.

I measc na moltaí ón fho-choiste a rachas os comhair na comhairle iomláine anois tá geallúint go dtabharfar aitheantas oifigiuil don Ghaeilge agus go gcuirfear an teanga chun cinn sna scoileanna áitiúla.

Tá ceithre chomhairle sna sé chontae anois ag coimhlíonadh cláir cultúrtha Shinn Féin a cuireadh os comhair an phobail roimh na toghacháin áitiúla i 1985.

# MÁLA POIST

## Litir oscailte chuig Garret FitzGerald:

A Chara,

Ba mhór an onóir d'Iarthar Bhéal Feirste é bua na céad duaise i gcomórtas naisiúnta Ghlór na nGael ar na mallaibh. Ní bhronntar an duais chantaithe seo ach ar an áit atá ar thús na cadhnaíochta ag brú na Ghaeilge chun cinn ar fud fad na tíre.

Ba mhaith linn mar sin de agairt go poiblí fríd do cholúin, ar Éireannaigh sna sé chontae is fiche agus go háirithe ar rialtas sna sé chontae is fiche cuidiú lenár n-iarrachtaí.

Seo liosta thíos de dhóigheanna éifeachtacha a dtiocfaidh le rialtas na sé chontae is fiche cuidiú leis an Ghaeilge in Iarthar Bhéal Feirste.

Táthar i mbun oibre san am i láthair ag iarraidh an dara bunscoil a bhunú i mBéal Feirste. I ndiaidh a bheith i gcomhairle le rialtas na Briotáine áfach tuigtear nach mbeidh cúnamh airgid ar fáil chun scoil a thógáil na do thuarastáil múinteoirí, leoga ní bheidh airgead ar bith ar fáil go dtí go raibh 200 dálta ar a laghad ag freastal ar an scoil. Is ionann sin is a rá go mbeidh ar an scoil tuarastal do seacht nó deich múinteoir a fháil agus ar bharr sin sin, costas reachtála na scoile a íoc gan trácht ar an airgead mhór a bhéas do dhith chun an scoil a thógáil sula ndéanann rialtas na Breataine machnamh ar bith ar chuidiú airgid a thabhairt.

Tá dífhostaíocht go hard agus go forleathan in Iarthar Bhéal Feirste, 70% in áiteanna. Ba saothar millteanadh é solathair airgid ar an leibhéal seo. Iarrann muid ar rialtas na sé chontae is fiche machnamh a dhéanamh ar airgead a dheonu don fhiontar seo go n-aontaíona rialtas na Breataine é a dhéanamh.

Foilsítear an t-aon nuachtán laethúil amháin Gaeilge i mBéal Feirste *LÁ* de thoisc easpa airgid ní féidir le foireann an pháipéir an páipéar a leathnú nó a fhorbairt ina pháipéar laethúil náisiúnta. Dhiúltaigh rialtas an deiscirt cheana féin cúnamh airgid a thabhairt don pháipéar. D'iarraimis orthu anois athmhachnamh a dhéanamh air.

Ní feidir ar Gaeilge a bheathú ach i dtimpeallacht ina labhraítear í agus ina bhfeictear í mar nuatheanga bheo. Is bac mór é mar sin do nach bhfuil stáisiún teilifíse lan-Ghaeilge ann do ghaeilgeoirí ar fud na tíre. Tá stáisiúin teilifíse i dteangacha dúchasacha na Breatnaise, na Bascaise agus na Catalóinise ann. An féidir leis an Ghaeilge leanúint ina ndiaidh.

Is mise le meas,
Tomás Ó Muireagáin
Rúnaí Riaracháin,
Glór na nGael,
Béal Feirste.

# Éisge

BHFEARFAR omós do chuin Sheamuis Mhic Conmara, *An Coimhthíoch* san Iúr 7-9u Samhain nuair a thion éigse ina onóir i lárionad nealaíon.

Glór na nGael atá i mbun na ho agus £5 an costas a bheas ar an dei seachtaine.

Is é an clár don éigse:
**Aoine 7ú**

7.30pm OSCAILT OIFIGIUIL — Bn. Uí Ghógain, Uachtarán an Cho tais, agus Eoghan Ó Marcaigh, Cat leach Chomhairle an Iúir & Mhugh na.

# Ffr bp

**TÁ Ffred Ffransis, duine arais i bpriosún. Gearradh scrios sé oifigí rialtais mar a**

Is bunaitheoir Ffred de C Teanga na Breathnaise agus ha a leabhar cáiliúil *Tiocfaidh* Gaeilge ag deireadh na seacht an am sin tháinig sé go hÉ labhairt fán leabhar nua.

De tharibhe a ngníomhartha na teanga tá cúig bliana caite bpríosún le cúig bliana déag an iomlán tá sealanna caite i pr corradh le 100 ball de Cyl

## Cumann Rodaí

Déard a

Oíche Ch

ar son Belfast

Dé hAoi

Oíche cheoil ar son

e

chuimhne
ra, údar
Iúr idir
hionólfar
onad na

na hocáide
n deireadh

IL – Máire
n Chomhal-
n, Cathaoir-
Mhughdhor-

8.00pm Léach "Gnéithe de Bheatha Shéamuis Mhic Conmara M.B." leis an Dr. Rúairí Ó Bléine.
9.00pm COIRMCHEOIL/DISCO *Na Fir-éin*
**Satharn 8ú**
2.00pm LEACHT "Craobh an Iúir le linn Aimsir Mhic Conmara" – le Séamus Mac Dháibhéid, Craobh an Iúir.
3.00pm Sos
3.30pm Turas bus thart ar áiteanna suimiúla sa cheantar
7.00pm LEACHT "Séamus Mac Conmara – Scribhneoir" le Diarmaid Ó Doibhlinn, Ollscoil Uladh.
7.45pm Sos
8.00m COIRMCHEOIL le *Cran*
**Domhnach 9ú**
11.00am AIFREANN na hEigse – Seipeal an Chroí Naofa, An Lios Liath, Co. Ard Mhaca.
Tuilleadh eolas agus clárú ó:
Doiminic Ó Brolcháin,
Rúnaí Eigse Mhic Conmara,
18, Orior Park,
Bessbrook,
Newry,
Co. an Dúin BT35 7BT.

# ransis i priosún

ine de na díograiseoirí Breathnaise is mó aithne radh naoi mí priosúntacht ar Ffred do bhrí gur har agóid in aghaidh polasaithe na dToraithe.

de Chumann us haistríodh *aidh Lá* go eachtóidí. Ag o hÉirinn ag

harthaí ar son caite aige i ag anuas. San i bpríosún ag . Cymdeithas Yr Iaith Gymraeg (Cumann Teanga na Breathnaise).

Bunaíodh Cymdeithas 25 bliain ar bun i 1987 agus leis an ócáid a cheiliúrú beidh leabhar speisialta fán eagras á sheoladh.

Is féidir teachtaireachtaí comhghuall-aíochta a chur chuig Ffred Ffranis, Flch 5 Maes Albert, Aberystwyth, Crumru/An Bhreatain Bheag.

## aí Mhic Chorlaí


rdaoin

e Cheoil

Fast Exposed

nAoine

on Roinn an Chultúir



# An saol mór

## RÚN



**TÁ sé dodhéanta ag seirbhisí rúnda SAM san am i láthair fáil amach cad é na pleananna atá ag an taoiseach Muammar Gaddafi sa Libia.**

Níl muinín aige níos mó sa telex ná sna málaí taidhleoireachta agus cuireann sé teachtairí pearsanta. Sin an fáth nach raibh a fhios ag na Meiriceánaigh go raibh Uachtarán Síreach Hafez Asad ag dul ar cuairt chun na Libia go dtí go bhfaca siad é ar an teilifís.

## SCEIMHLEOIRÍ PINOCHET

**TA grupa mileata den eite dheas ins An tSele i ndiaidh ceathrar polaiteoiri den eite chle a mharu.**

Dúirt siad go ndearna siad é mar dhíoltas as an iarracht a thug an Frento Patriótico Manuel Rodriguez (Fronta Tírghrách Mhanuel Rodríguez) chun Pinochet a mharú i mí Mheán an Fhómhair. Bheir an grupa seo na heite deise *Grupo 11 de Septembre* orthu féin mar cuimhneachán ar an lá a mharaigh fórsaí Phinochet, Uachtarán an rialtais dlistinigh Salvador Allende i 1973. Tuataigh atá sa ghrúpa seo a mharaíonn daoine atá in éadan Phinochet le cuidiú leis na Péas!



## BÁS MACHEL

**NÍL rialtas an tAfraic Theas sásta an taifeadán eitilt don eitleán ina bhfuair Uachtarán Mozambique, Somora Moises Machel bás ann, ina dhiaidh 'crais' eitleán ar an 19ú Deireadh Fomhair a thabhairt don Aontas Soiveadach le'n é a dhícodú.**

Cuireann an diúltú seo le tuairimi ceannairi Mozambique go raibh lámh ag an Afraic Theas san tionóisc ina bhfuair 34 daoine bás.

I ráiteas i ndiaidh a bhás leath Uachtarán Shinn Féin Gearóid Mhic Adaimh comhbhrón le mhuintir Mozambique agus dúirt sé:

*"Mar sheansaighdiúir den Frelimo agus an streachailt do shaoirse náisiúnta, chosain Uachtarán Machel reablóid Mozambique agus súid a bhí faoi chosc.*

*"Tógadh Daon-Poblacht Mozambique as toil agus cinneadh daigean muintir Mozambique chun a saoirse a bhaint ón chumhacht cóilíneach. B'é Samora Machel ceann de cheannairí chróga a tháinig ón steachailt agus is mórchailliúnt a bhás dá thír ag am seo nuair atá saoirse Mozambique faoi bhagairt ó frith-réablóidithe le tacaíocht ó chóras ciniochach an Afraic Theas."*

# Eiseachadadh


*LE DEASUN BREATNACH*

**AN CHÓIR daoine atá ar a gcoimeád i Meiriceá, mar gheall ar a gcuid polaitíochta, a bheith curtha go Sasana, le triail a sheasamh faoin gCoróin? Tá sin ar na ceisteanna a chuireann Michael Farrell i *Sheltering the Fugitive?* (Mercier £5.95).**

Tá an dlí idirnáisiúnta ag athrú an t-am ar fad agus dealraíonn sé go n-athroidh sé 'a thuilleadh fós mar gheall ar an riocht a bhfuil daoine curtha ag an bhfocal teiriúil úd, sceimhleoireacht.

An gníomh is mó a chuirna daoine i suanriocht, b'fhéidir, gabháil eitleán a bhí ag éirí ró-choitianta ar fad sna seachtóidí.

Thug sé sin an leithscéal a bhí ag teastáil le dallamullóg a chuir ar dhaoine agus gach gníomh polaitiúil a raibh forsaí airm i gceist a chuir in aon phaicéad amháin agus an lipéad *"sceimhleoireacht"* ag dul leis.




Tráthúil go maith, mar sin, atá saothar Farrell, agus an Comhargadh ag iarraidh aon dlí amháin a bheith ag an mballraíocht agus *"sceimhleoireacht"* i gceist; agus cuid mhaith daoine i Meiriceá ar aon tuairim leis an mBruiséil.

Níl ach an t-aon locht amháin agamsa ar shaothar Farrell, nach dtéann sé sách fada siar ina chuid taighde, ina chuid staire, mar tá stair an-fhada ag baint leis an ábhar céanna.

Sa tír seo, mar shampla, cuireadh deireadh le ré Theamhair na Ríogh tamall tar éis don Ard-Rí na dlíthe a bhaineann le tearmann a shárú. Mar seo a leanas a bhí an dlí: Dá n-éireodh le dídeannaí talamh na cille a bhaint amach bhí sé crosta ar na húdaráis é a leanúint agus a ghabháil. Céard a rinne saighdiúirí an Ard-Rí ach an dídeannaí a leanúint isteach sa tearmann, é a ghábháil agus é a mharú, rud a chuir an-olc ar an eaglaiseach Ruadhán, go ndearna sé stailc ocrais ar an Ard Rí.

Ar ball, b'éigean do Ard-Rí géilleadh dó. D'adhmahigh sé go raibh éagóir déanta. Go deo deo na ndeor ní bheadh aon rí eile ag riaradh na tíre ó Theamhair.

Ní raibh aon cheo ait faoi dhlí na hEireann sna cúrsaí sin. Mórán mar a chéile a bhí an dlí ar fud na hEorpa.

### DLI

Ní cúrsaí poaitiúila amháin a bhí i gceist faoin dlí ud; gach aon duine a bhí ar a choinníoll ón dlí bheadh sé slán sábháilte ar thalamh na hEaglaise.

Ait, mar sin, nach labhraíonn heaspaig amach in éadan an dlí nua idirnaisiúnta a bhfuiltear a chuir i bhfeidhm orainn uilig agus deireadh faoi dheireadh thiar a chur le tearmann, nós a bhain ní hamháin le carthannacht ach le ciall reasúin chomh mhaith. Cén fáth go bhfuil an Pápa ina thost faoi?

Ar na cúrsaí staire a bhfuil trácht ag Farrell faoi, san saothar seo, tá an scannal idirnáisiúnta a d'eascair as Napper Tandy a bheith curtha thar n-ais go dtí fórsaí na Corónach ó Hamburg agus an raic a thóg Napoleon faoi, raic a shábhiáil Tandy ón gcroc.

Tuilleadh an seachtain seo chugainn.

CUMANN NA MÉIRLEACH

Bóthar Bhaile Andarsan


OÍCHE CHEOIL

*GACH AOINE*

Fáilte romhaibh uilig

# Crosfhocal 33

**£5 do buaiteoir**



**Trasna**
7. Bás Rodaí Mac Corlaí, bhí sé... (7)
8. Tuillean tú é, tá... agat do (5)
9. Ait nó oifig i lár gnóthaí (5)
10. Soilsíonn sí sa spéir gach oíche (7)
11. Ceannacht agus díol, obair... (7)
13. Abair arís (5)
15. Alán, iomaí (5)
17. Coinníonn sé líne iascaireacht ar bá (7)
20. Gorfaidh mé (focal amháin) (7)
21. Comhartha mar aisling (ginideach) (5)
22. Ag tabhairt muiníne do dhuine (5)
23. Scamallach (7)

**Síos**
1. Béicim (8)
2. Curtha i mbeartán, coirithe
3. Stoptha (6)
4. Beannacht cairdiúil moch sa lá (4,2,7)
5. Ainmhithe..., mar coiníní, giorria, srl (8)
6. Stiúir, tiomáin, diriú (6)
12. Níl sé furas in aon chor! (8)
14. Do thír duchas (8)
16. Faighear ola as an crann seo (ginideach) (6)
18. Teilefón (6)
19. Scaoll, rabhadh san amharclann (6)

**Seoltar freagraí chuig;**
**An tEagarthóir,**
***Nuacht Feirste,***
**147 Bóthar Andarsan,**
**Béal Feirste 11.**

Freagraí Crosfocal 32
Trasna: 3. Riogacht; 7. Teann; 8. Dlíodora; 10. Loma; 12. Trua; 14. Ofráilte; 16. Ro-láidir; 17. Deil; 18. Cáil; 20. Traolach; 21. Abair; 22. Éanaithe.
Síos: 1. Ceol; 2. Snamha; 4. Giordam; 5. Caoillte; 6. Traiseala; 9. Lom fhiric; 11. Athraithe; 13. Uillean; 15. Giollaí; 17. Dealbh; 19. Loin.